Published 30/12/2022

"Determination of Aquaculture Licensing application –T09/093

The Marine Institute has applied for authorisation to cultivate various species of finfish, shellfish and seaweeds for research purposes on the foreshore on a 21.76 hectare site (T09/093) at Lehannah Pool, Bertraghboy Bay, Co.Galway.

The Minister for Agriculture, Food and the Marine has determined that it is in the public interest to grant the licence sought. In making his determination the Minister considered those matters which by virtue of the Fisheries (Amendment) Act 1997, and other relevant legislation, he was required to have regard. Such matters include any submissions and observations received in accordance with the statutory provisions. The following are the reasons and considerations for the Minister's determination to grant the licences sought: -

a) Scientific advice is to the effect that the waters are suitable;

b) Public access to recreational and other activities can be accommodated by this project;

c) The proposed development should have a positive effect on the economy of the local area;

d) All issues raised during Public and Statutory consultation phase;

e) There are no effects anticipated on the man-made environment heritage of value in the area;

f) No significant effects arise regarding wild fisheries;

g) The proposed aquaculture activities do not spatially overlap with Natura 2000 sites and there should be no significant impacts on the nearest Natura site(s).

h) There are no significant impacts on the marine environment and the quality status of the area will not be adversely impacted;

i) The updated Aquaculture and Foreshore licences contain terms and conditions which reflect the environmental protection now required under EU and National law."

Arna fhoilsiú 30/12/2022

"An t-iarratas ar Cheadúnú Dobharshaothraithe a Chinneadh –T09/093

Tá iarratas déanta ag Foras na Mara chun speicis éagsúla éisc eite, sliogéisc agus feamainn a shaothrú chun críocha taighde ar an úrthrá ar shuíomh 21.76 heicteár (T09/093) ag Linn Leitheanaigh, Cuan na Beirtrí Buí, Co. na Gaillimhe.

Tá an cinneadh déanta ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara go bhfuil sé chun leas an phobail an ceadúnas atá á lorg a dheonú. Le linn dó a chinneadh a dhéanamh bhreithnigh an tAire na hábhair sin ar ceanglaíodh air, de bhua an Achta Iascaigh (Leasú) 1997, agus reachtaíocht ábhartha eile, aird a thabhairt orthu. Áirítear ar ábhair den sórt sin aon aighneachtaí agus tuairimí a bhfuarthas de réir na bhforálacha reachtúla. Seo a leanas na cúiseanna agus na breithniúcháin a bhí le cinneadh an Aire na ceadúnais atá á lorg a dheonú: -

a) Is í an *chomhairle eolaíoch ná go bhfuil na huiscí oiriúnach;*
b) *Féadfaidh an tionscadal seo freastal ar rochtain phoiblí ar ghníomhaíochtaí áineasa agus eile;*
c) *Ba chóir go mbeadh tionchar dearfach ag an bhforbairt bheartaithe ar gheilleagar an cheantair áitiúil;*
d) *Gach saincheist a ardaíodh le linn na céime comhairliúcháin Phoiblí agus Reachtúil;*
e) *Níltear ag súil le haon tionchar ar oidhreacht chomhshaoil de dhéantús an duine a bhfuil luach léi sa cheantar;*
f) *Ní thagann aon tionchar suntasach chun cinn maidir le hiascaigh fhiáine;*
g) *Ní bhaineann na gníomhaíochtaí dobharshaothraithe atá beartaithe go spásúil le suíomhanna Natura 2000 agus níor cheart go mbeadh aon tionchar suntasach ar an suíomh/na suíomhanna Natura is cóngaraí.*
h) *Níl aon tionchar suntasach ar an dtimpeallacht mhuirí agus ní bheidh drochthionchar ar stádas cáilíochta an cheantair;*
i) *Tá téarmaí agus coinníollacha sna ceadúnais Dobharshaothraithe agus Urthrá nuashonraithe a léiríonn an chosaint chomhshaoil atá riachtanach anois faoi dhlí an AE agus dlí Náisiúnta."*